## Gníomhaíocht a hAon

## Naisc Anna: Bileog Acmhainne do Mhúinteoirí

Seo Anna...



Cónaíonn Anna lena tuismitheoirí agus a deirfiúr óg.

Cónaíonn sí i sráidbhaile beag ag bun sléibhe in iarthar na hÉireann.

Tagann cuid mhór turasóirí chun an cheantair toisc é a bheith go hálainn agus cosáin mhaithe siúil ann.

Tá Anna i rang a 6 sa scoil náisiúnta áitiúil.

Ar an mbus chun na scoile, is maith le hAnna éisteacht le ceol ar a fón, bronntanas óna Mamó, a chónaíonn i mBaile Átha Cliath.

Ar a 12ú lá breithe, thug máthair Anna chun na pictiúrlainne í lena cairde agus ansin go bialann pizza de chuid sraith idirnáisiúnta a bhfuil clú agus cáil uirthi.



## Gníomhaíocht a hAon

## Mo Naisc: Bileog Oibre do Dhaltaí



Mo bhaill teaghlaigh:

____________________

____________________

____________________

____________________

Daoine/rudaí a mbím ag brath orthu i mo scoil:

____________________

____________________

____________________

Daoine/rudaí a mbím ag brath orthu i mo cheantar:

____________________

____________________

____________________

Daoine/áiteanna timpeall an domhain a bhfuil nasc agam leo i mo ghnáthshaol (mar shampla, ólaim tae a fhástar sa Mhaláiv nó is maith liom leabhair de chuid údar as an Astráil):

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**Gníomhaíocht a Dó**

**Dalaí Láma: Bileog Acmhainne do Mhúinteoirí**



*“Is é ár bpláinéad ár dteach agus caithfimid é a choinneáil in ord agus aire a thabhairt dó má táimid dáiríre faoin sonas dúinn féin, dár bpáistí, dár gcairde...”*

**Gníomhaíocht a Dó**

**Abairtí Gais maidir leis an Saol Mór: Bileog Acmhainne do Mhúinteoirí**

| | |
|---|---|
|  | 1. Seo cuid de na nithe maithe faoin saol: |
|  | 2. Seo na daoine nach mbaineann tairbhe as na nithe maithe sa saol: |
|  | 3. Is iad na fadhbanna is mó agus is tábhachtaí sa saol: |
|  | 4. Is iad seo na daoine ar féidir leo cinntí nó bearta a dhéanamh chun na fadhbanna seo a réiteach: |

## Gníomhaíocht a Ceathair

## Cumarsáid i gcéin: Bileog Oibre do Dhaltaí


A
AN ROINN PUIST AGUS TELEGRAFA.
TELEGRAM.
(FOR ANY PLACE IN IRELAND OR GREAT BRITAIN).
Cód
Oifig Tosnuithe agus Treoracha Seirbhíse
Uimh. an Telegrama
Focail
Seólta
Ar a ........ M.
Go
Ag
Táille
Nuair a bhíonn roimh-íoc le déanamh ar fhreagra, scríobh an comhartha—"RP"—san spás roimh an seóla.
When a reply is to be prepaid, write the indication—"RP"—in the space before the address
Do (TO)
Ó FROM
Muna bhfuil uait t'ainm agus do sheóla do chur sa telegram, cuir sa spás lastall iad.
(The name and address of the sender, if not to be telegraphed, should be written in the space overleaf).

Uimh:

Uimh:

Uimh:

Uimh:

Uimh:



Uimh:



Uimh:




Uimh:

Uimh:

Uimh:

Gníomhaíocht a Ceathair

Ciallaíonn Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe... : Bileog Acmhainne do

Ciallaíonn Forbairt Inbhuanaithe saol níos fearr do chách, saol:

- ina bhféadann gach duine a bheith beo i dtimpeallacht fholláin, shábháilte
- ina bhfuil go leor bia maith le hithe agus uisce glan le hól
- ina bhféadann gach páiste dul ar scoil
- ina bhféadann daoine gach áit cuidiú a fháil má tá siad breoite
- ina bhféadann daoine gach áit obair chuibhiúil a fháil ionas gur féidir leo airgead a shaothrú dá muintir
- ina bhfuil oideachas ag gach duine ionas go ndéanfaidh siad cúram don domhan agus áit níos fearr a dhéanamh de



Le go dtarlóidh sé sin, ní mór dúinn comhoibriú le chéile chun athruithe maithe, buana a dhéanamh.

## Gníomhaíocht a Cúig

## Spriocanna Domhanda (leagan dírithe ar  pháistí): Bileog Acmhainne do




1. Deireadh a chur leis an mbochtaineacht
2. Deireadh a chur leis an ocras
3. A chinntiú gur féidir le gach duine saol sláintiúil a bheith acu
4. A chinntiú go mbíonn deis ag gach duine oideachas maith a bheith acu
5. A chinntiú go bhfaigheann mná agus cailíní na deiseanna céanna le fir agus buachaillí
6. A chinntiú go mbíonn teacht ag gach duine ar uisce glan agus leithris chuí
7. A chinntiú go mbíonn go leor teasa, solais agus cumhachta ag gach duine gan damáiste a dhéanamh don timpeallacht
8. Cabhrú le tíortha poist mhaithe a fhorbairt agus a chur ar fáil ar bhealach atá tairbheach do gach duine
9. Scoileanna, ospidéil agus bóithre a thógáil, agus gnólachtaí agus tionscail a chur chun cinn a dhéanann saol daoine níos fearr
10. A chinntiú go gcaitear go cothrom le gach duine, agus go gcaitheann tíortha lena chéile go cothrom
11. Pobail atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus sábháilte a dhéanamh de chathracha, áit ar féidir le daoine maireachtáil go maith iontu
12. A chinntiú nach gceannaímid an iomarca rudaí ionas nach ndéanfaimid acmhainní tearca an domhain a ídiú
13. Gníomhú anois chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide
14. Aire a thabhairt don bheatha atá inár n-aigéin agus inár bhfarraigí
15. Aire a thabhairt d’fhoraois, d'ainmhithe agus don domhan féin
16. Oibriú ar son na síochána agus an cheartais laistigh de thíortha agus eatarthu
17. Oibreoidh na tíortha as lámha a chéile mar chomhpháirtithe chun na Spriocanna Domhanda a bhaint amach agus an saol a dhéanamh níos fearr do gach duine

## Naisc idir na Spriocanna Domhanda: Bileog Acmhainne do Mhúinteoirí

**Tá á lán nasc idir na Spriocanna Domhanda.**
**Seo nasc amháin le smaoineamh air...**



## Gníomhaíocht a Sé

## Míreanna Mearaí: Saol Níos Fearr Bileog Oibre do Dhaltaí

Gearr amach na ceithre mhír mearaí.
Tóg dhá mhír an duine.
Tarraing/scríobh an dá Sprioc Dhomhanda is spéisiúla leat ar do dhá mhír mearaí.
Smaoinigh ar shampla maith amháin den bhealach a bhfuil gach mír mearaí nasctha lena chéile. Agus sibh ag plé bhur samplaí, cuir na míreanna mearaí le chéile arís.



